



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/324 ÓN gCOIMISIÚN
an 19 Eanáir 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, brómúconasól, búpróifisin, cíofluifeanaimíd, fluasanam, fluaipioram, flutolainil, lambda-ciahalaitrin, meiceapróp-P, meipiocuat, meatsulfúrón-meitil, fosfán agus pireaclóstróibin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De réir Airteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ⁽²⁾ ón gComhairle, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ⁽³⁾ ón gCoimisiún. Liostaítear substaintí gníomhacha a fhorhómar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, agus liostaítear substaintí gníomhacha a fhorhómar mar shubstaintí atá le hionadú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gCuid E den Iarscríbhinn sin.
- (2) Liostaítear na substaintí gníomhacha brómúconasól, búpróifisin, cíofluifeanaimíd, fluasanam, flutolainil, meiceapróp-P, meipiocuat agus pireaclóstróibin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Liostaítear na substaintí gníomhacha fluaipioram agus fosfán i gCuid B den Iarscríbhinn sin agus liostaítear na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, lambda-ciahalaitrin agus meatsulfúrón-meitil i gCuid E den Iarscríbhinn sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/114 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa go dtí an 31 Eanáir 2024 i gcás na substaintí gníomhacha búpróifisin, meiceapróp-P agus pireaclóstróibin, go dtí an 29 Feabhra 2024 i gcás na substaintí gníomhacha fluasanam, flutolainil agus meipiocuat, go dtí an 2 Márta 2024 i gcás na substaintí gníomhaí beinsivindéfhluipir, agus go dtí an 31 Márta 2024 i gcás na substaintí gníomhacha cíofluifeanaimíd, lambda-ciahalaitrin, meatsulfúrón-meitil agus fosfán.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/670 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí gníomhaí brómúconasól go dtí an 31 Eanáir 2024.

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj>.

⁽²⁾ Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/114 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, búpróifisin, cíofluifeanaimíd, fluasanam, flutolainil, lambda-ciahalaitrin, meiceapróp-P, meipiocuat, meitiream, meatsulfúrón-meitil, fosfán agus pireaclóstróibin (IO L 15, 17.1.2023, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/114/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/670 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha brómúconasól, búpróifisin, halocsafof-P agus naprópaimíd (IO L 113, 3.5.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/670/oj).

- (5) Tá formheas na substaintí gníomhaí fluaipioram le dul in éag an 31 Eanáir 2024 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 802/2013 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (6) Cuireadh isteach iarratais agus sainchomhaid fhorlíontacha chun formheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾. Dhearbhaigh na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann go raibh na hiarratais sin uile inghlactha.
- (7) Maidir leis na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, brómúconasól, cíoifluifeanaimíd, fluaipioram, lambda-ciahalaítrín agus meatsulfúrón-meitil, níl an measúnú riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann.
- (8) Maidir leis an tsustaint ghníomhach fosfán, tá gá le breis ama ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') chun teacht ar chonclúid a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe riachtanach ina leith. Thairis sin, tá gá le breis ama ag an gCoimisiún chun an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin a ghlacadh.
- (9) Maidir leis an tsustaint ghníomhach fluasanam, d'iarr an tÚdarás go gcuirfí isteach faisnéis bhreise, de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus sprioc-am an 17 Nollaig 2023 ag gabháil leis.
- (10) Maidir leis na substaintí búpróifisin, meipiocuat agus pireaclóstróibín, d'iarr an tÚdarás go gcuirfí isteach faisnéis bhreise, de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach laistigh den tréimhse a shocraigh an tÚdarás. Mar sin féin, tá gá le breis ama ag an Údarás chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a gheofar, chun conclúid a ghlacadh i dtaobh an féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh na substaintí gníomhacha na critéir formheasa agus chun go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin.
- (11) Maidir leis na substaintí gníomhacha flutolainil agus meiceapróp-P, chuir an tÚdarás an chonclúid ina leith faoi bhráid an iarratasóra, na mBallstát agus an Choimisiúin. Thionscain an Coimisiún pléití ar na substaintí gníomhacha sin ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.
- (12) Ós rud é gur dócha nach bhféadfár aon chinneadh a dhéanamh maidir le formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan sula rachaidh a dtréimhsí formheasa in éag an 31 Eanáir 2024, an 29 Feabhra 2024, an 2 Márta 2024 agus an 31 Márta 2024, agus nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí lena mbaineann ar na cúiseanna atá leis na moilleanna ar na nósanna imeachta athnuachana, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin chun gur féidir na measúnuithe a cheanglaítear a chur i gcrích agus chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta cinnteoireachta rialála maidir leis na hiarratais faoi seach ar fhormheas a athnuachan.
- (13) Ós rud é nach bhfuil an measúnú riosca tugtha chun críche ag na Ballstáit is rapóirtéirí go fóill, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 39 mí de shíneadh ar na tréimhsí formheasa a shocrú i gcás na substaintí gníomhacha brómúconasól agus cíoifluifeanaimíd, agus tréimhse 29 mí do na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, fluaipioram, lambda-ciahalaítrín agus meatsulfúrón-meitil.

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 802/2013 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2013 lena bhformheastar an tsustaint ghníomhach fluaipioram, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 225, 23.8.2013, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/802/oj).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shustaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

- (14) Ós rud é go bhfuil gá le breis ama ag an Údarás chun teacht ar chonclúid maidir leis an measúnú riosca ar an tsustaint ghníomhach fosfán a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán le saineolaithe de dhíth ina leith, ba cheart tréimhse 23 mhí agus 2 sheachtain de shíneadh ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substainte gníomhaí sin.
- (15) Ós rud é gur iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 le haghaidh na substainte gníomhaí fluasanam, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 25 mhí agus 2 sheachtain de shíneadh ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substainte gníomhaí sin.
- (16) Ós rud é go bhfuil gá le breis ama ag an Údarás chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhreise a gheofar chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart tréimhse 22 mhí agus 2 sheachtain de shíneadh ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substainte gníomhaí búpróifisin, agus tréimhse 19 mí agus 2 sheachtain do na substaintí gníomhacha meipiocuat agus pireaclóstróibin.
- (17) Ós rud é go bhfuil tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar feitheamh, agus i bhfianaise an ama is gá chun gach nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart tréimhse 15 mhí agus 2 sheachtain de shíneadh ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substaintí gníomhacha flutolainil agus meiceapróp-P.
- (18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (19) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforálfar nach ndéanfar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta a leagfaidh an Coimisiún síos mar dháta éaga an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo nó dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena bhforáiltear nach ndéanfar formheas na substainte gníomhaí a athnuachan, cibé dáta acu sin is déanaí. A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar maidir le hathnuachan formheasa substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos, de réir mar is iomchuí sna himthosca.
- (20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

1. leasaítear Cuid A mar a leanas:

- (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 57, Meiceapróp-P, cuirtear '15 Bealtaine 2025' in ionad an dáta;
- (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 81, Pireaclóstróibin, cuirtear '15 Meán Fómhair 2025' in ionad an dáta;
- (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 187, Flutolainil, cuirtear '15 Meitheamh 2025' in ionad an dáta;
- (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 189, Fluasanam, cuirtear '15 Aibreán 2026' in ionad an dáta;
- (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 191, Meipiocuat, cuirtear '15 Deireadh Fómhair 2025' in ionad an dáta;
- (6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 296, Ciofluifeanaimíd, cuirtear "30 Meitheamh 2027" in ionad an dáta;
- (7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 318, Brómúconasól, cuirtear '30 Aibreán 2027' in ionad an dáta;
- (8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 320, Búpróifisin, cuirtear '15 Nollaig 2025' in ionad an dáta;

2. leasaítear Cuid B mar a leanas:

- (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 28, Fosfán, cuirtear '15 Márta 2026' in ionad an dáta;
- (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 51, Fluaipioram, cuirtear '30 Meitheamh 2026' in ionad an dáta;

3. leasaítear Cuid E mar a leanas:

- (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 3, Meatsulfúrón-meitil, cuirtear '31 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 4, Beinsivindéfhluipir, cuirtear '2 Lúnasa 2026' in ionad an dáta;
- (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 5, Lambda-ciahalaítrin, cuirtear '31 Lúnasa 2026' in ionad an dáta.